C/2025/5144

28.10.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ag féachaint ar an gcaidreamh a bheidh ann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe amach anseo: Athbhreithniú 2026 ar an gComhaontú Trádála agus Comhair ó thaobh na sochaí sibhialta de

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/5144)

Rapóirtéir: **Tanja BUZEK**

Comhrapóirtéir: **Peter BYRNE**

Comhairleoirí	Elena CRASTA (to the rapporteur) Jonathan PEEL (thar ceann an chomhrapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	12.6.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	16.7.2025
Seisiún iomlánach Uimh	598
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	147/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is **caidreamh speisialta atá ag an Aontais leis an Ríocht Aontaithe**. Níl a mhacasamhail ann le páirtí trádála ná páirtí polaitiúil ar bith eile. Táthar atá ar aon intinn le cheile maidir le ceist na leasanna agus na luachanna, agus táthar ar aon dearcadh le chéile faoin scéal chomh maith, rud arb é cóngar na gcríoch ar bhfuil na comhpháirtithe trádála is cúis leis, sin agus na naisc láidre atá ag eagrais na sochaí sibhialta le chéile. Ná dearmadtar i gcás gach eagraíocht mhór Eorpach atá ann thar ceann na ngnólachtaí agus na gceardchumainn, thar ceann na dtomhaltóirí agus na leasanna sóisialta, thar ceann na hóige nó an chomhshaoil, go bhfuil cleamhnas sa Ríocht Aontaithe ag a gcuid ball i gcónaí.

1.2. **Tá móiminteam nach beag ann chun doimhneas a chur sa chomhpháirtíocht seo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, sin agus chun feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht sin**, go háirithe mar gheall ar na riachtanais gheopholaitiúla atá ag teacht chun cinn. An t-athbhreithniú in 2026 ar an gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA), sin agus an 't-athshocrú' polaitiúil tar éis an chruinnithe mullaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mí na Bealtaine, sin dhá rud a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar fhorbairt an chaidrimh iar-Bhrexit idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Comhpháirtíocht chobhsaí intuartha chomhoibritheach — sin í an sprioc ba cheart a bheith ann, gan beann cé acu tromlach polaitiúil a bheadh i réim.

1.3. **Is mithid feasta feabhsuithe agus deiseanna nithiúla do chách** tar éis an chruinnithe mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe agus tar éis an athbhreithnithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair. Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) na deiseanna nua ata ann de thairbhe an chruinnithe mullaigh, go háirithe don ailíniú dinimiciúil maidir le rialacha agus caighdeáin, an chinnteacht agus an intuarthacht maidir le trádáil agus iascach, sin agus maidir le páirt a bheith á glacadh arís in Erasmus+ agus an tuar go mbeidh scéim um thaithí na hóige ann lá is faide anonn. Ba cheart an tuairim sin a bheith ina compás do ghníomhaithe institiúideacha an Aontais agus na Ríochta Aontaithe maidir leis an treochlár comhpháirteach a fhorbairt don chlár oibre a bheidh ann san am atá romhainn.

1.4. **Ról a thabhairt do Ghrúpaí Comhairleacha Baile (DAGanna) an Aontais agus na Ríochta Aontaithe sa phróiseas athbhreithnithe agus oibre a bheidh ann amach anseo**, ós foinse ríthábhachtach ionchuir iad ar gan aon taobh den scéal. Cé go bhfuil na páirtithe ag díriú ar 'chomhaontú trádála a chur chun feidhme', tá orainne, an tsochaí shibhialta, a bheith 'ag plé leis ó lá go lá', mar ghnólachtaí, mar oibrithe, mar thomhaltóirí agus mar shaoránaigh. Ina theannta sin tá CESE ag iarraidh go dtionólfaí Cruinniú Mullaigh tiomnaithe don Idirphlé Sóisialta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe in éineacht le cruinniú na gceannairí ionas go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach sa phlé.

1.5. **Is é an comhar rialála feabhsaithe i ndáil le bacainní neamhtharaife** an deis is fearr chun feabhas a chur ar an gcaidreamh trádála déthaobhach. Dá ghaire dá chéile dá mbeidh an dá chóras rialála is ea is lú deacrachtaí a thiocfaidh chun cinn, rud a chiallaíonn go mbeidh dul chun cinn suntasach ann do chách. Maidir leis na tairbhí trádála níos leithne atá ag dul leis, is díol sásaimh dúinn an chaibidlíocht maidir le comhaontú Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (SPS) idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, agus cuirimid i dtreis a thábhachtaí atá sé cloí le prionsabal an réamhchúraim mar bhunluach de chuid an Aontais. Ba cheart forfheidhmiú chearta na dtomhaltóirí a bheith sa chlár oibre comhair, agus ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas na n-údarás faireachais margaidh na dtomhaltóirí a chosaint go i bpáirt le chéile; ba cheart aonad measúnaithe dibhéirseachta a bhunú in aonturas le faireachán a dhéanamh ar éagsúlacht i gcomhar le páirtithe leasmhara. D'fhéadfadh tairseach chomhroinnte idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe rochtain ar fhaisnéis rialála nuashonraithe agus treoir níos soiléire a sholáthar, go háirithe do FBManna sa dá dhlínse.

1.6. Laghdófaí seiceálacha teorann agus chuirfí feabhas ar shreabha déthaobhacha trádála **ach clár oibre an aitheantais fhrithpháirtigh a chur chun cinn**. Sin rud a rachadh chun tairbhe don fhás agus do chruthú na bpost. Ba cheart cáilíochtaí gairmiúla, caighdeáin cheimiceacha agus dearbhuithe um measúnú comhréireachta a chumhdach le raon feabhsaithe comhaontuithe. Sin rudaí a laghdaíonn na costais trádála, rudaí a thacaíonn le dlúth-ailíniú na rialála. Ba cheart ceanglais dhúbailte maidir le trasnuithe teorann a chuíchóiriú a mhéid is féidir chun méadú ar an bplódú a sheachaint agus chun aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú.

1.7. **Is í an trádáil seirbhísí an rud ab fhearr** chun an caidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis Brexit a fhorbairt. Dá chosúla le chéile na creataí rialála nua chun seirbhísí trasteorann a éascú is ea is fearr is féidir an rochtain ar an margadh a mhéadú. Táimid ag tathant ar na páirtithe gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na soghluaisteachta, go háirithe athchóiriú ar scéim urraíochta víosaí na Ríochta Aontaithe le haghaidh breis soghluaisteachta agus iomaíocht chóir idir soláthraithe seirbhíse an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Má bhíonn cainteanna ann faoi chúrsaí soghluaisteachta amach anseo, ba cheart dóibh cloí le hardchaighdeáin fhrithpháirteacha maidir le cearta fostaíochta agus an sodar go barr a spreagadh.

1.8. Ní mór **na clásail neamh-chúlchéimnithe agus clásail chothrom na hiomaíochta** a choinneáil i measc príomhthosaíochtaí na bpáirtithe. Ní mór leanúint gan staonadh den fhaireachán ar chomhlíonadh na nGrúpaí Comhairleacha Baile. Ba cheart idirphlé, malartuithe agus comhar rialta a bheith ann maidir le feabhsuithe ar chearta na n-oibrithe agus comhshaoil chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na sprice sin, mar aon le forfheidhmiú éifeachtach. Chun an t-idirphlé sóisialta a neartú, molann CESE féachaint ar conas rannpháirtíocht oibrithe na Ríochta Aontaithe i gComhairlí Oibreacha Eorpacha (EWCanna) a éascú.

1.9. **Tá gá le hailíniú na rialála agus le beartais níos dlúithe ar son na haeráide agus ar son na mbeartas tionsclaíoch gníomhach**. Is díol sásaimh do CESE Scéimeanna Trádála Astaíochtaí (ETS) an dá pháirtí atá nasctha le chéile, agus molann sé comhar a dhéanamh chun na hinfheistíochtaí is gá a cheadú chun tacú leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan agus i dtreo na tionsclaíochta.

1.10. **Ní mór dearcadh na hóige a ionchorprú sa Chomhaontú Trádála agus Comhair a sheasfaidh an aimsir**. Sin rud a chuirfeadh deireadh de réir a chéile le bacainní ar dheiseanna nua a thapú. Níor cheart ligean do Bhrexit a bheith ina 'bhalla Beirlín eile' a chuirfeadh constaic ar na glúnta atá le teacht. Labhair daoine óga ar an dá thaobh go láidir ar son an Ríocht Aontaithe a thabhairt isteach in Erasmus+ arís. Tugann Euramus+ tacaíocht don ghairmoiliúint agus do phrintíseachtaí chomh maith céanna. Ní mór do phrintíseachtaí den sórt sin critéir ardcháilíochta a chomhlíonadh, maille le téarmaí agus coinníollacha cuibhiúla, agus tairbhe do gach duine óg agus do gach oibrí óg — ní d'earnálacha áirithe amháin.

1.11. **Stádas uathúil agus coinníollacha trádála Thuaisceart Éireann a chosaint**. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur ríthábhachtach an ról atá ag Comhaontú Bhéal Feirste 1998 ('Comhaontú Aoine an Chéasta') agus an méid a baineadh amach leis ionas nach filleadh ar an bhforéigean atá i ndán. Is díol sásaimh dó an dul chun cinn a rinneadh trí Chreat Windsor 2023, agus is mithid dar léi neamh-laghdú na gceart do Thuaisceart Éireann a bheith i gcroílár an Athbhreithnithe i gcónaí.

1.12. **Athbhreithniú uaillmhianach a leagan síos seachas cleachtadh scóipe amháin**. Tá CESE ag tathant ar na páirtithe comhaontuithe cuimsitheacha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a thabhairt i gcrích, comhaontuithe le díriú ar shocruithe neamhchríochnaithe a chinneadh maidir leis na réimsí dá dtagraítear sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Ní mór gach comhaontú breise a bheith faoi struchtúr uileghabhálach phrionsabail an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus faoi ghealltanais maidir le cothrom na hiomaíochta, agus faoi raon feidhme faireacháin na nGrúpaí Comhairleacha Baile.

2. Cúlra na tuairime féintionscnaimh

2.1. Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, leagtar síos an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair le haghaidh caidreamh trádála déthaobhach idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maille le stádas uathúil do Thuaisceart Éireann. In ainneoin Brexit, tá an Ríocht Aontaithe fós ina comhpháirtí féideartha i réimsí éagsúla. I measc na réimsí sin, tá an comhshaol, an t-athrú aeráide, malartuithe óige, leasanna na dtomhaltóirí, an tslándáil sheachtrach agus cúrsaí cosanta.

2.2. Is rud é an caidreamh uathúil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe atá bunaithe freisin ar na naisc láidre atá aige leis an tsochaí shibhialta. Nuair atá Coiste Leantach AE-na Ríochta Aontaithe curtha chun cinn aige, choinnigh CESE an caidreamh le sochaí shibhialta na Ríochta Aontaithe tar éis Brexit agus rinne sé infheistíocht i gcothú an chaidrimh nua, sin agus san obair leantach ar na tuairimí gaolmhara atá aige mar bhonn taca leis. Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, bunaíodh dhá chomhlacht de chuid na sochaí sibhialta, ceann san Aontas agus ceann sa Ríocht Aontaithe — na Grúpaí Comhairleacha Baile, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe.

2.3. I dtreoirlínte polaitiúla 2024-2029 Uachtarán an Choimisiúin Von der Leyen, luaitear tiomantas soiléir do neartú an chaidrimh leis an Ríocht Aontaithe i gcás saincheisteanna leasa choitinn — cúrsaí fuinnimh, an tslándáil, an athléimneacht agus an teagmháil duine le duine. An t-athbhreithniú ar an gComhaontú Trádála agus Comhair a bhfuil ceangal dlí leis (tar éis 5 bliana), athbheithniú atá sceidealaithe do 2026, is rud é atá teoranta don mheasúnú ar chur chun feidhme na bhforálacha atá ann, ach níor cheart aon srian a bheith ann chun feabhas a chur ar an gcomhaontú ar leibhéal bunúsach. Ag an gcéad chruinniú mullaigh riamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine 2025, leagadh béim ar an bhféidearthacht go mbeadh creat straitéiseach nua ann tar éis na mblianta dúshlánacha.

2.4. Ag féachaint chun cinn dúinn, is éard is príomhchuspóir don tuairim féintionscnaimh seo aird a tharraingt ar na dúshláin mhóra atá le sárú ag na ghnólachtaí, na hoibrithe, na tomhaltóirí agus na saoránaigh, agus aird a tharraingt ar réimsí eile chun feabhas a chur ar an gcaidreamh, an comhar rialála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, cuir i gcás. Ba cheart go bhfeidhmeodh sé freisin mar threoir do ghníomhaithe institiúideacha an Aontais agus na Ríochta Aontaithe chun an treochlár comhpháirteach a fhorbairt mar obair leantach ar an gcruinniú mullaigh i mí na Bealtaine 2025.

3. **An caidreamh trádála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis Brexit**

3.1. Tá tábhacht mhór leis an gcaidreamh trádála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe don dá pháirtí fós. Is é an dara caidreamh trádála is mó ar domhan é. Ar mhaithe le dearcadh níos fearr ar an gcóngar chun an mhargaidh, déanann an Ríocht Aontaithe níos mó earraí agus seirbhísí a thrádáil leis an nGearmáin, leis an Ísiltír, leis an bhFrainc agus le hÉirinn ná leis na Stáit Aontaithe agus leis an tSín trí chéile ([1]). Mar sin féin, is éard a mheastar go dtiocfaidh laghdú 15 % ar ráta trádála aontas custaim na Ríochta Aontaithe leis an Aontas mar gheall ar Brexit.

3.2. Baineann an tAontas tairbhe as an margadh aonair comhtháite mar aon le líonra comhaontuithe fabhracha trádála le tíortha éagsúla, rudaí a thugann rochtain ar mhargadh tarraingteach ina bhfuil 448 milliún duine. Chuardaigh an Ríocht Aontaithe comhaontuithe trádála nua lasmuigh den Aontas (an India, an Nua-Shéalainn) agus chuaigh sí isteach i gComhaontú Comhpháirtíochta an Aigéin Chiúin agus na hÁise (CPTPP); mar sin féin, tá dúshláin le sárú aici le líon na gcomhaontuithe fabhracha a bhí aici leis an Aontas a athghnothú nuair is laghdú tarraingteachta atá tarlaithe di agus gan aici ach margadh 68 milliún duine, margadh atá lasmuigh d'aontas custaim an Aontais. Dá bhrí sin, is iad roghanna trádála an Aontais na roghanna is dearfaí.

3.3. Tá an trádáil dhomhanda ag athrú de réir a chéile ó thaobh na geopholaitíochta de, tá geilleagair amhail an tSín agus na Stáit Aontaithe ag athrú na bpatrún trádála, agus tá méadú ag teacht ar an éiginnteacht agus ar na dúshláin atá le sárú ag an ord riailbhunaithe. Ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe dul i ngleic leis na hathruithe sin, agus ba cheart dóibh a aithint gur aonad trádála níos láidre a bhí iontu roimh Brexit, agus go rachadh ailíniú níos dlúithe sa trádáil chun tairbhe dóibh araon.

3.4. Is í an Comhaontú Trádála agus Comhair a rialaíonn an trádáil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe feasta, comhaontú lena gcoinnítear malartuithe saor ó tharaifí agus saor ó chuótaí ar bun d'uireasa na dtairbhí a bheadh ag gabháil le ballraíocht san Aontas. Tá uirlisí á gcur chun feidhme ag an dá thaobh le hathmhúnlú a dhéanamh ar an gcaoi a n-aistrítear idir earraí agus daoine thar na teorainneacha. Tá súil le tionchair shuntasacha go oibríochtúil agus go heacnamaíoch. Tá Sprioc-Samhail Oibriúcháin Teorann (BTOM) tugtha isteach ag an Ríocht Aontaithe, sprioc lena n-áirítear rialuithe rioscabhunaithe le haghaidh earraí allmhairithe. Tá Córas Isteach-Amach (EES) ullmhaithe ag an Aontas do náisiúnaigh tríú tír, agus a choibhéis sin d'Údarú Leictreonach Taistil (ETA) ullmhaithe ag an Ríocht Aontaithe.

3.5. Tá an baol ann go dtiocfaidh méadú ar an bplódú ag pointí tábhachtacha trasnaithe idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, idir iarnróid agus chalafoirt, mar gheall ar phéire de na ceanglas atá ann i leith EES agus ETA. Ar an gcuma chéanna, cuireann siad fad breise idir na páirthithe agus córas na dtréithe coiteann, agus cuireann siad tairseacha nua i bhfeidhm ar an gcaidreamh.

3.6. Ba cheart anailísí costais is tairbhe atá inrochtana go héasca a bheith ag gabháil leis an athbhreithniú ar an gComhaontú Trádála agus Comhair don dá pháirtí. Go hidéalach, d'fhéadfaí a bheith comhpháirteach ann, agus bonn taca a chur faoi argóintí polaitiúla trí scrúdú a dhéanamh ar an tairbhe a bhaineann le conair chomhthreomhar a choinneáil ar oscailt. Lasmuigh de na coimircí caibidlíochta, agus ar mhaithe le léargas a thabhairt ar an tairbhe dhíreach a bheadh ann don dá pháirtí go heacnamaíoch — agus an tairbhe shibhialta a bheadh ann dóibh go fadtéarmach.

([1]) https://www.gov.uk/government/statistics/trade-and-investment-core-statistics-book/trade-and-investment-core-statistics-book.

4. **An chomhpháirtíocht straitéiseach a athchalabrú**

4.1. Tá móiminteam nach beag ann chun an caidreamh déthaobhach a athchalabrú agus a athbhunú, go háirithe chun caidreamh trádála a chuíchóiriú, comhshocrú slándála uaillmhianach a áirithiú, saincheisteanna leanúnacha maidir le cearta na saoránach a réiteach agus comhar níos dlúithe a spreagadh i réimsí eile.

4.2. Tar éis an toghcháin in 2024, d'iarr an Ríocht Aontaithe go ndéanfaí 'athshocrú' agus chomhaontaigh sí go comhpháirteach leis an Aontas go neartóidh siad an comhar i réimsí an gheilleagair agus an fhuinnimh, i réimsí na slándála agus na hathléimneacht, agus i réimsí nach iad. Céim mhór é an chéad Chruinniú Mullaigh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 19 Bealtaine i Londain i bhforbairt an chaidrimh tar éis Brexit le dul i dtreo creat soiléir le haghaidh comhar straitéiseach idir an dá pháirtí. De bhrí na forbartha sin agus de thairbhe an athbhreithnithe ar an gComhaontú Trádála agus Comhair in 2026 i ndáil leis na riachtanais gheopholaitiúla atá ag teacht chun cinn, tá deis ann chun doimhneas a chur sa chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe agus chun uasghrádú a dhéanamh air. I bhfianaise an tionchair a bheidh ag cuid de na cinntí ar shaol na hoibre, molann CESE go dtionólfaí Cruinniú Mullaigh tiomnaithe maidir leis an Idirphlé Sóisialta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe in éineacht le cruinniú na gceannairí chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach sa phlé.

4.3. Ós ceadmhach mórán trádála saor ó tharaifí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, is é an comhar feabhsaithe maidir le bacainní neamhtharaife an deis is mó chun feabhas a chur ar an gcaidreamh trádála déthaobhach. Bhí suaitheadh ann nuair a thug an Ríocht Aontaithe cúl leis an Aontas, ach thairis sin amach tá cás ann le haghaidh athailíniú pragmatach na leasanna atá fréamhaithe san eacnamaíocht fhrithpháirteach agus sna tosaíochtaí geopholaitiúla coiteanna. Cé go bhfuil rún daingean an gach aon taobh cloí leis na príomhphrionsabail (ceannasacht na Ríochta Aontaithe, sláine an mhargaidh aonair don Aontas agus cothrom iomaíochta foriomlán a chaomhnú), beidh ar athruithe ar an gcomhaontú atá ann faoi láthair meon athnuaite a léiriú i leith an chomhair.

4.4. Na clásail saothair agus chomhshaoil is nuálaí dá ndearna an tAontas a chaibidil riamh, is iad atá sna comhaontuithe trádála sa Chomhaontú Trádála agus Comhair: na clásail neamh-chúlchéimnithe agus cothroime iomaíochta. Tá seasamh ar leith ag na Grúpaí Comhairleacha Baile sna grúpaí sin. Tá CESE ag iarraidh go gcloífí le hardchaighdeáin fhrithpháirteacha i ndáil le cearta oibrithe agus comhshaoil sa Ríocht Aontaithe agus san Aontas, agus molann sé an sodar go barr a chothú trí chur leis na clásail sin. Is lúide na deacrachtaí a bheidh ann do chách an dá chóras rialála a bheith cóngarach dá cheile, agus is lúide an riosca dlíthíochta an Comhaontú Trádála agus Comhair a bheith ann.

4.5. Ach TCA nuashonraithe a bheith ann, d'fhéadfaí buntáistí polaitiúla inláimhsithe a chur ar fáil do gach aon taobh. I gcás an Aontais, is caomhnú é ar rialacha bunúsacha an mhargaidh aonair agus treisiú ar inchreidteacht a chuid beartas trádála seachtrach. I gcás na Ríochta Aontaithe, ceadaíonn an comhaontú feabhas rochtana ar an margadh agus is laghdú ar an aighneas trádála an toradh atá air. Tá de thairbhe ag gach aon taobh ar an gcomhaontú gur fearr an intuarthacht atá ann dá barr, sin agus tuilleadh cobhsaíochta go heacnamaíoch, mar aon le tuilleadh acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin choiteanna — bíodh sin i ngort an taighde, i ngort na slándála nó i ngort an bheartais aeráide. Níor cheart go mbainfeadh an caidreamh idir an dá pháirtí le comhpháirtithe trádála móra eile mar na Stáit Aontaithe an bonn de bhunphrionsabail ná de chobhsaíocht an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

4.6. Tá athrú as éadane tagtha ar an timpeallacht gheopholaitiúil ó bhí Reifreann Brexit ann agus ó tugadh an Comhaontú um Tharraingt Siar agus an Comhaontú Trádála agus Comhair i gcrích. Tugann sin le fios go láidir a thábhachtaí atá comhar den chéad scoth idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe agus a thábhachtaí atá oiread den ailíniú agus is féidir do na saoránaigh uile.

4.7. Tugann an t-athbhreithniú seo an deis do shocrú polaitiúil aibí — réiteach a aithneoidh luach na rannpháirtíochta cuidithí ach gan comhtháthú polaitiúil iomlán a bheith ag teastáil. I gcomhthéacs domhanda atá á mhúnlú ag an éiginnteacht eacnamaíoch, ag an gcogadh ar mhór-roinn na hEorpa agus an teannas geopholaitiúil atá ag dul in olcas, thabharfadh an Comhaontú Trádála agus Comhair athbhreithnithe le fios go bhfuil an Ríocht Aontaithe agus an tAontas tiomanta don chomhoibriú i gcás arb é leas an dá thaobh é.

4.8. Níor cheart an t-athbhreithniú ar an gComhaontú Trádála agus Comhair a bheith gann ar thuairimí na sochaí sibhialta eagraithe, ós sinne atá ar an láthair le haird a tharraingt ar an gComhaontú Trádála agus Comhair má chliseann air nó más gá é a fheabhsú. D'fhéadfadh rannpháirtíocht níos dlúithe na sochaí sibhialta le linn an phróisis sin agus i ndiaidh báire cuidiú le todhchaí an chaidrimh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a mhúnlú ar bhealach nach bhfuil chomh polaitiúil céanna. Creideann CESE go bhfuil na Grúpaí Comhairleacha Baile a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair thar a bheith tábhachtach lena áirithiú go ndéanfar ionadaíocht chothrom ar leasanna na n-oibrithe, an ghnó agus na sochaí sibhialta.

5. **Barúlacha sonracha**

Trádáil Earraí

5.1. Ba cheart go bhféadfadh gnólacht seiceálacha custaim a láimhseáil go tapa gan ualach an pháipéarachais mhíchuí.

5.2. Faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, ceadaítear trádáil saor ó tharaifí agus saor ó chuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, ar choinníoll go gcomhlíonann earraí na rialacha tionscnaimh comhaontaithe agus na ceanglais riaracháin eile a tugadh isteach toisc nach cuid de mhargadh inmheánach an Aontais í an Ríocht Aontaithe a thuilleadh. Tá géarghá le leigheas na n-easaontas i gcur chun feidhme na gceanglas riaracháin sin in aon chomhaontú athbhreithnithe, ar choinníoll go mbeidh ailíniú rialála leordhóthanach ar thaobh na Ríochta Aontaithe chun trádáil idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a cheadú a bheidh chomh rianúil agus is féidir.

5.3. D'ainneoin easpa taraifí, chuir bacainní neamhtharaife (e.g. seiceálacha custaim) agus éagsúlachtaí rialála leis an meath mór ar na sreafaí trádála déthaobhacha. Dá chosúla córas rialála na Ríochta Aontaithe agus córas an Aontais le chéile is ea is fusa na bacainní neamhtharaife sin a laghdú go mór.

5.4. Cuireann an easpa aitheantais fhrithpháirtigh idir an dá chóras leis an gcastacht sna dearbhuithe comhréireachta. Ach comhaontú a bheith ann sa réimse seo, sheachnófaí atástáil gan ghá le haghaidh gach táirge atá deimhnithe de réir chaighdeáin an Aontais agus iad á gcur ar mhargadh na Ríochta Aontaithe, rud a laghdódh na costais a bhaineann le comhlíonadh.

Trádáil seirbhísí

5.5. Is í an trádáil seirbhísí an rud ab fhearr chun an caidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis Brexit a fhorbairt.

5.6. Ní sholáthraíonn an Comhaontú Trádála agus Comhair an leibhéal céanna rochtana le haghaidh seirbhísí agus a sholáthraíonn sé i gcás na n-earraí. Bhí tionchar ar leith ag an séanadh na gceart i gcás pas in earnáil na seirbhísí airgeadais, rud a fhágann go bhfuil creataí rialála nua ag teastáil chun seirbhísí trasteorann a éascú. Sa réimse sin freisin, dá mhéad an t-ailíniú idir na creataí sin is ea is fearr a d'fhéadfaí rochtain ar an margadh a mhéadú.

5.7. Na tairseacha clárúcháin CBL atá ann faoi láthair sa Ríocht Aontaithe, is constaic neamhtharaife iad, constaic a fhágann gur doiligh do FBManna an Aontais díol trí mheán na ríomhthráchtála go díreach le tomhaltóirí na Ríochta Aontaithe.

5.8. Níl aon uathaitheantas frithpháirteach ann a thuilleadh, rud a chruthaíonn bacainní do ghairmithe atá ag iarraidh a bheith ag obair thar theorainneacha an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Ní mór tosaíocht a thabhairt do réiteach na faidhbe sin in aon chomhaontú a ndéanfar athbhreithniú air.

5.9. Le Meabhrán Tuisceana 2023, bunaíodh creat le haghaidh comhar rialála struchtúrtha sna seirbhísí airgeadais nach bhfuil laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair i láthair na huaire. Níl leas iomlán á bhaint as an bhféidearthacht sin chun an comhar a neartú. Ba cheart dlús a chur le hobair an chomhair, go háirithe in earnáil an árachais.

5.10. Soghluaisteacht na soláthraithe seirbhísí: Faoin scéim urraíochta víosaí atá ag an Ríocht Aontaithe faoi láthair do na fostóirí, tá méadú ar an gcostas a bhaineann le soláthróirí seirbhísí conartha an Aontais a fhostú in eintitis atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Táimid ag iarraidh go láidir go ndéanfaí athchóiriú ar mhaithe le soghluaisteacht níos fearr agus iomaíocht chóir idir soláthraithe an Aontais agus soláthraithe na Ríochta Aontaithe.

5.11. Cé go bhféadfadh tionchar oibríochtúil na n-uirlisí nua bainistithe teorainneacha a bheith éagsúil ó mhodh iompair go chéile, tá pointí trasnaithe teorann agus na calafoirt sa Ríocht agus san Aontas róchúng in éadan na sluaite a bhíonn ag triall orthu,agus is minic a thagann sé rite leo na dúshláin oibríochtúla a shárú. Olfheachtais feasachta do phaisinéirí agus d'iompróirí, bearta tástála agus solúbthachta, oiliúint foirne agus acmhainní a chur ar fáil, leis an ullmhacht le haghaidh uirlisí nua a áirithiú.

Comhar rialála agus caighdeáin rialála

5.12. Ós rud é gur trádáil saor ó tharaifí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe is mó a cheadaítear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, is é an comhar feabhsaithe maidir le bacainní neamhtharaife an deis is mó chun feabhas a chur ar an gcaidreamh trádála déthaobhach. Cé go bhfuil cláir oibre rialála dá gcuid féin á saothrú ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe, tharlódh don éagsúlacht an sreabhadh líofa earraí agus seirbhísí a chur i mbaol. Dá réir sin, is rud ríthábhachtach an comhar rialála chun an iarmhairt neamhbheartaithe a sheachaint.

5.13. An dibhéirseacht: Toradh amháin ar na difríochtaí sna caighdeáin rialála an méadú atá tagtha ar chostais chomhlíonta do ghnólachtaí, go háirithe in earnálacha na gceimiceán agus na cógaisíochta, cuir i gcás.

5.14. Tá forálacha sa Chomhaontú Trádála agus Comhair chun buntáistí iomaíocha éagóracha a chosc trína áirithiú go gcoinneoidh an dá pháirtí caighdeáin choiteanna ar bun i réimsí na gceart saothair agus chosaint an chomhshaoil, cuir i gcás. Is ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar na forálacha sin agus iad a fhorfheidhmiú arae tá an neamh-chúlchéimniú ar cheann de na héilimh atá sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, is é sin neamh-chúlchéimniú ón leibhéal cosanta a bhí i bhfeidhm nuair a d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas.

5.15. Faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, spreagtar comhar i réimse ábhar, ach ní maidir le forfheidhmiú ceart na dtomhaltóirí, rud ba cheart a chur san áireamh san athbhreithniú. Is gá na forálacha maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil sa Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur ar obair go hiomlán agus a chur ar chumas na n-údarás um fhaireachas margaidh na tomhaltóirí a chosaint i bpáirt le chéile.

Bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS)

5.16. Seiceálacha agus deimhniú a dhéanamh níos minice: Is tríú tír de chuid an Aontais atá sa Ríocht Aontaithe feasta. Fágann sin gur rud éigeantach na seiceálacha SPS ar tháirgí agraibhia chun rioscaí na bithshlándála a mhaolú. Mar thoradh ar an athrú sin, tá doiciméadacht agus cigireacht bhreise ann. Cuireann sin moill agus breis costais ar na honnmhaireoirí. Is díol sásaimh do CESE an comhaontú ón gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe le comhaontú agraibhia a chaibidil. Is éard is aidhm don chomhaontú sin deimhnithe agus rialuithe a bhaineann le SPS a laghdú go suntasach i gcás gluaiseacht ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí agus táirgí plandaí. Molann sé go dtabharfaí chun críche go pras iad. Is bunluach de chuid an Aontais comhlíonadh phrionsabal an réamhchúraim fós. Sin rud a léirítear i gceanglas an chomhaontaithe ailíniú dinimiciúil tráthúil a dhéanamh ar rialacháin na Ríochta Aontaithe le rialacha an Aontais.

5.17. Easpa foirne i réimse na tréidliachta: De bhrí an méadaithe ar cheanglais deimhniúcháin SPS, tá méadú ar an éileamh ar thréidlianna chomh maith. Mar sin féin, tá éiginnteacht ann maidir le cumas na Ríochta Aontaithe freastal ar éilimh den sórt sin, mar gheall, i bpáirt, ar an easpa aitheantais fhrithpháirtigh do cháilíochtaí tréidliachta. Cuireann sé sin bac ar shreafaí trádála ón Aontas go dtí an Ríocht Aontaithe, agus cuireann sé moill nach beag ar sheachadadh coinsíneachtaí an Aontais sa Ríocht Aontaithe.

5.18. Caighdeáin agraibhia: Tá na caighdeáin maidir le tomhaltas bia san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe an-chosúil le chéile. Agus iad ag déileáil le tríú comhpháirtithe trádála, ba cheart don Aontas agus don Ríocht Aontaithe an riosca a sheachaint go gcuirfí caighdeáin fhrithpháirteacha agus prionsabail fhrithpháirteacha i mbaol, caighdeánin agus prionsabail a áirithítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Cearta na n-oibrithe

5.19. Ní mór don athbhreithniú ar an gComhaontú Trádála agus Comhair leanúint air ag déanamh leas na n-oibrithe ar an dá thaobh.

5.20. Is díol sásaimh do CESE gur tugadh isteach an Bille um Chearta Fostaíochta sa Ríocht Aontaithe, bille a chloíonn le hardchaighdeáin fhrithpháirteacha. Mar sin féin, tá gá le soiléirithe maidir le stádas na dtograí le haghaidh táillí binse fostaíochta, athruithe ar chearta comhairliúcháin comhchoiteanna (TUPE), pá saoire rollaithe agus chun uaireanta oibre a thaifeadadh.

5.21. Tá baol ann go séanfar rochtain ar fhaisnéis thrasnáisiúnta agus ar chomhairliúcháin thrasnáisiúnta ar na mílte oibrithe sa Ríocht Aontaithe, sin nó an rochtain sin a bheith á séanadh orthu cheana, rud a bhfuil siad ina theideal, i mórán cásanna, le breis agus 20 bliain. Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ann ionadaithe na Ríochta Aontaithe a choinneáil ar na EWCanna, ach ní mór don athbhreithniú ar an gComhaontú Trádála agus Comhair aghaidh a thabhairt go práinneach ar na hiarmhairtí praiticiúla. Is ar dheathoil na bainistíochta a bhraitheann láithreacht na n-oibrithe. Abhair nach bhfuil tionchar acu ar an Ríocht Aontaithe agus ar Bhallstát amháin, ní mheastar a thuilleadh na hábhair sin a bheith trasnáisiúnta nuair nach bhfuil aon chomhroinnt faisnéise ná comhairliúchán le déanamh. Níl aon ghealltanas ann go mbeidh gníomhaíochtaí na Ríochta Aontaithe laistigh de raon feidhme na EWCanna a bheidh ann amach anseo. Agus an tionchar diúltach thuas ar EWCanna á chur san áireamh, molann CESE féachaint ar conas rannpháirtíocht oibrithe na Ríochta Aontaithe in EWCanna a éascú d'fhonn an t-idirphlé sóisialta a neartú.

5.22. Is mian le CESE béim a chur freisin ar a thábhachtaí atá cosc ar an gcur isteach ar shaol na n-oibrithe ar fud Campo de Ghiobráltar, agus a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcosnófar cearta oibrithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon.

Deiseanna do chách

5.23. Mar gheall gur tháinig deireadh leis an tsaorghluaiseacht, is casta an rud feasta taisteal lucht gnó, infhostaitheacht na n-oibrithe, agus an malartú idir lucht taighde, mic léinn agus an óige.

5.24. Tá rialacha nua ann a dhéanann difear d'earnálacha atá ag brath ar an tsoghluaisteacht ghearrthéarmach, rialacha a chuireann bac ar chumas náisiúnach de chuid an Aontas nach náisiúnaigh Éireannacha iad dul ag obair agus cur fúthu sa Ríocht Aontaithe.

5.25. Deiseanna ceirde: Tá an Ríocht Aontaithe páirteach arís sna cláir Fís Eorpach agus Copernicus. Tá údar maith ag an Ríocht Aontaithe dul isteach in Erasmus+ arís, rud a thacaíonn leis an ngairmfhoghlaim agus le printíseachtaí freisin. Ba cheart do phrintíseachtaí critéir shonracha maidir le cáilíocht a chomhlíonadh, le téarmaí agus coinníollacha cuibhiúla. Táimid ag iarraidh go láidir go mbeadh bealaí nua ann d'oibrithe, do thaighdeoirí, do mhic léinn agus do phrintísigh chun feabhas a chur ar a gcuid infhostaitheachta.

5.26. Ba ríthábhachtach go rachadh na deiseanna a chruthaítear le Erasmus+ chun tairbhe do dhaoine óga agus d'oibrithe agus ní d'earnálacha áirithe amháin. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na bacainní atá ar oibrithe óga chun deiseanna nua a thapú.

5.27. An líon teoranta forálacha atá sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, ina measc sin comhordú na slándála sóisialta, sin é is cúis imní do dhaoine faoi mhíchumas. Is cinnte nach féidir le duine a bhfuil riachtanais bhreise aige gluaiseacht agus taisteal gan cúnamh a bheith geallta dó. Is mithid fiosrú a dhéanamh faoin inoibritheacht idir córas an Aontais agus córas na Ríochta Aontaithe maidir le haitheantas frithpháirteach do stádas míchumais.

Éagsúlacht rialála

5.28. Níl aon dul as ach éagsúlacht a bheith i reachtaíocht an Aontais agus i reachtaíocht na Ríochta, más de bharr táimhe é nó de bharr gníomhaíocht reachtach ar gach aon thaobh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún Eorpach aonad measúnaithe dibhéirseachta a bhfuil cúram speisialta air a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar an díbhéirseacht i gcomhar leis na geallsealbhóirí uile.

5.29. Rochtain ar fhaisnéis rialála nuashonraithe, treoir a bheidh níos soiléire, agus teagmháil dhíreach leis na húdaráis chustaim: Tairseach chomhroinnte a fhágfaidh go mbeidh FBManna sa dá dhlínse in ann an chomhairle a thairiscint, sin rud eile a bheidh úsáideach le comhar, cumarsáid agus iontaoibh a fhorbairt.

5.30. Na caighdeáin leasa i gcomhair ainmhithe: Mar chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo, tá deis uathúil ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe comhoibriú maidir le leas ainmhithe agus sláinte plandaí agus rannchuidiú le dúshláin chomhroinnte a chomhrac amhail méadú na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, leathadh galar zónóiseach agus meath na bithéagsúlachta.

5.31. Cé go n-aithnítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair an nasc idir leas na n-ainmhithe agus táirgeadh inbhuanaithe bia, tá difríochtaí tagtha chun suntais i gcur chuige na rialála. Tá caighdeáin níos déine curtha chun feidhme ag an Aontas i réimsí na lotnaidicídí, cuir i gcás, agus tá caighdeáin níos airde maidir le leas na n-ainmhithe tugtha isteach ag an Ríocht Aontaithe. Fágann an éagsúlacht sin go mbíonn sé níos casta do ghnólachtaí a bheith ag obair ar an dá mhargadh.

5.32. Mura dtugtar aitheantas frithpháirteach do shonraí tástála na gceimiceán, tharlódh gur dúbailt ar an dícheall an toradh a bheadh ar an scéal, rud a mhéadódh na costais agus rud ar baol gur breis tástála ar ainmhithe an toradh a bheadh air sa Ríocht Aontaithe.

Tuaisceart Éireann

5.33. Faoi choimirce an Phrótacail, tháinig ann do coinníollacha trádála uathúla agus don tiomantas do neamh-laghdú na gceart. Níor cheart loiceadh ach seasamh leis an dá rud sin.

5.34. Réitígh Creat Windsor 2023 an bealach chun comhroinnt na cumhachta a athbhunú i dTuaisceart Éireann agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin polaitiúla agus eacnamaíocha éagsúla. Mar sin féin, is údar conspóide atá sa chur chun feidhme agus san éifeachtacht i measc cuid den phobal fós.

An Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Uachtarán

Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE